



Coimisiún
na Meán

Clár Foghlaim & Forbairt Earnála - Treoir d'Iarratasóirí

Dáta Foilsithe:
07 Samhain 2024

Spriocdháta le haghaidh freagra :
05 Nollaig 2024



Clár Ábhar

Réamhrá	3
1. Maidir le Coimisiún na Meán	3
2. Faoin ár gClár Foghlaim & Forbairt Earnála	3
3. Iarratais Incháilithe	4
4. Maoiniú ar Fáil	5
5. Fáisnéis Riachtanach Chun Iarratas A Dhéanamh	5
6. Eolas Úsáideach d'Iarratasóirí	6
7. Conas Iarratas a Dhéanamh	7
8. An Próiseas Measúnaithe	7
9. Cinntí Maoinithe	9
10. Riachtanais Le hAghaidh Iarratais Rathúla	9
11. Saoráil Fáisnéise	10
12. Cosaint Sonraí	10



Réamhrá

Is treoir é an doiciméad seo d'iarratasóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh chuig Coimisiún na Meán ar mhaoiniú faoina Chlár Foghlama agus Forbartha Earnála. Clúdaíonn an treoir na hábhair seo a leanas:

1. Maidir Le Coimisiún na Meán
2. Maidir le Clár Foghlama agus Forbartha Earnála Choimisiún na Meán
3. Iarratais incháilithe
4. Maoiniú ar fáil
5. Faisnéis riachtanach le haghaidh iarratais
6. Eolas Úsáideach d'iarratasóirí
7. Iarratas a chur isteach
8. Próiseas Measúnaithe
9. Riachtanais d'iarratasóirí rathúla
10. Saoráil Faisnéis
11. Cosaint sonraí

Moltar d'iarratasóirí an treoir seo a léamh roimh fhoirm iarratais a chomhlánú agus a chur isteach. Má tá aon cheist agat faoin gClár Foghlama agus Forbartha Earnála, déan teagmháil le secdev@cnam.ie nó (01) 644 1200.

Dáta Deiridh le haghaidh iarratas

Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur isteach i PDF chuig secdev@cnam.ie faoi **12 meán lae ar an 5 Nollaig 2024**. Ní ghlacfaidh Coimisiún na Meán le hiarratais dhéanacha nó neamhiomlán.

1. Maidir le Coimisiún na Meán

Coimisiún na hÉireann chun craoltóirí agus na meáin ar líne a rialáil, agus chun tacú le forbairt na meán is ea [Coimisiún na Meán](#). Bunaíodh é de réir fhorálacha an [Achta um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán 2022](#) ar an 15 Márta 2023. Is iad ár bhfreagrachtaí:

- Maoirseacht a dhéanamh ar mhaoiniú earnáil na meán níos leithne in Éirinn agus tacú lena forbairt.
- Maoirseacht a dhéanamh ar rialáil seirbhísí craolacháin agus físeáin ar éileamh.
- Córas rialála na hÉireann maidir le sábháilteacht ar líne a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú.

2. Faoin ár gClár Foghlaim & Forbairt Earnála

Déanann Coimisiún na Meán raon gníomhaíochtaí chun tacú le hearnáil meán na hÉireann agus cabhraíonn sé le hábhar a fhorbairt do lucht féachana na hÉireann a léiríonn agus a mhúnláíonn sochaí na hÉireann. Tá eolas ginearálta ar ár, [ngníomhaíochtaí forbartha meán](#), lena n-áirítear scéimeanna maoinithe eile, tionscnaimh agus tacaíochtaí le fáil ar ár suíomh gréasáin.



Tá sé tábhachtach dúinn go háirithe oiliúint, foghlaim agus forbairt a spreagadh agus a thacú in earnálacha craolacháin, fuaimne agus closamhairc na hÉireann ¹.

Mar rialtóir ní chuirimid gníomhaíochtaí oiliúna, foghlama agus forbartha ar fáil sinn féin. Ina ionad sin, trínár gClár Foghlama agus Forbartha Earnála, cabhraímid leis na gníomhaíochtaí seo a mhaoiniú do líonraí tionscail agus eagraíochtaí ionadaíocha. Cuidíonn an cur chuige seo leis an tionscal fanacht inbhuanaithe agus tacaíonn sé le cruthaitheacht agus nuálaíocht. Tá an Clár á fheidhmiú de réir ár mBeartas Foghlama agus Forbartha Earnála reatha².

3. Iarratais Incháilithe

Glacann Coimisiún na Meán le hiarratais faoina Chlár Foghlama agus Forbartha Earnála ó líonraí tionscail agus eagraíochtaí ionadaíocha a oibríonn in earnáil na meán cumarsáide. Ní mór d'iarratasóir a bheith ina eintiteas dlíthiúil cláraithe.

- Is féidir le hiarratasóir ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna a bhallaíochta i bhfo-rannóg d'earnáil na meán, mar shampla raidió tráchtála nó pobail, teilifís agus/nó scannán.
- Is féidir le hiarratasóir oibriú freisin i réimse spéise d'earnáil na meán cumarsáide, mar shampla inscne, comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, an Ghaeilge, nó inbhuanaitheacht comhshaoil laistigh d'earnáil na meán cumarsáide.
- Táthar ag súil go gcuirfidh iarratasóirí isteach ar mhaoiniú chun tacú le gníomhaíochtaí sonracha foghlama, oiliúna agus forbartha a bheidh ar siúl in 2025 amháin. Ní féidir le hiarratasóirí cur isteach ar mhaoiniú ilbhliantúil sa bhabhta maoinithe reatha seo.
- Féadfaidh iarratasóirí atá ag lorg tacaíochta le haghaidh imeachtaí agus gníomhaíochtaí meán ar leith nach mbaineann le hoiliúint, foghlaim agus forbairt breathnú ar ár Scéim Urraíochta ar leith.
- Féadfaidh iarratasóirí roinnt maoinithe a lorg chun tacú lena n-oibríochtaí gníomhaíochtaí foghlama, oiliúna agus forbartha a sheachadadh.
- Ní thairgtear maoiniú chun scannáin, clár raidió teilifíse nó a leithéid a léiriú faoin gClár seo.

Ina theannta sin, go hidéalach, ní mheastar go gclúdódh an maoiniú 100% de chostais eagraíochta.

¹ Sonraítear in alt 7(3)g den Acht OSMR go spreagfaidh an Coimisiún 'taighde a spreagadh, a chur chun cinn nó a thacú le tionscnaimh agus gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear litearthacht sna meáin, agus comhoibreoídh sé chun na críche sin le comhlachtaí oideachais agus oiliúna, comhlachtaí spóirt agus pobail, áitiúla agus ionadaíocha, agus ar shlí eile feasacht, eolas agus tuiscint an phobail a chur chun cinn, i ndáil le hábhair a bhaineann lena feidhmeanna.'

² Tabhair faoi deara le do thoil gur bhunaigh an rialtóir roimhe seo, an BAI, an polasaí seo agus go bhfuil sé fós i bhfeidhm. Tá an Coimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas seo mar chuid d'athbhreithniú foriomlán ar an gClár Foghlama agus Forbartha Earnála reatha agus tá sé mar aidhm aige clár athbhreithnithe a sheoladh in 2025.

4. Maoiniú ar Fáil

Tá maoiniú **suas le €550,000** ar fáil ag Coimisiún na Meán in 2025 le leithdháileadh faoina Chlár Foghlama agus Forbartha Earnála chun tacú le gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha in 2025, faoi réir iarratais ar chaighdeán imleor a fháil.

5. Fáisnéis Riachtanach Chun Iarratas A Dhéanamh

Ní mór d'iarratasóirí [foirm iarratais](#) oifigiúil Foghlaim & Forbairt Earnála de chuid Choimisiún na Meán a chomhlánú, a bhfuil an fhaisnéis seo a leanas san áireamh inti:

- Sonraí an Iarratasóra / Chonraitheora Beartaithe, lena n-áirítear ainm iomlán, seoladh, sonraí teagmhála teileafóin agus ríomhphost.
- Deimhniú ar stádas an Iarratasóra / Chonraitheora Beartaithe, lena n-áirítear cibé an bhfeidhmíonn sé mar chuideachta chláraithe, eagraíocht nó ainm gnó aonair.
- Cur síos ar na gníomhaíochtaí sonracha a bhfuil maoiniú á lorg ag an iarratasóir ina leith agus conas a théann na gníomhaíochtaí sin i ngleic le riachtanais foghlama, oiliúna agus forbartha bhallaíochta na heagraíochta agus / nó na rannóige / fo-ailt ábhartha de na meáin a ndéanann sé a mholadh nó a ionadaíonn sé.
- Buiséad tascach do na gníomhaíochtaí atá beartaithe. Cuirtear buiséad teimpléad ar fáil san Fhoirm Iarratais.
- Plean Airgeadais:- Conas a bheartaíonn an t-iarratasóir na gníomhaíochtaí lena mbaineann a mhaoiniú, lena n-áirítear;
 - an méid maoinithe atá á lorg ón gCoimisiún;
 - an méid maoinithe atá á sholáthar ag an iarratasóir féin le haghaidh na gníomhaíochtaí beartaithe;
 - an méid maoinithe, más ann dó, atá á thabhairt ag comhpháirtithe, eagraíochtaí agus / nó comhlachtaí maoinithe eile. Tabhair do d'aire le do thoil sa chás seo gur chóir don iarratasóir a dheimhniú cé acu an bhfuil an maoiniú atá á lorg faighte agus fianaise a sholáthar maidir le deimhniú den sórt sin mar chuid dá n-iarratas, mar shampla litir / ríomhphost ón maoinitheoir lena mbaineann.
 - Más rud é go bhfuil an t-iarratasóir i gcomhpháirtíocht le heagraíocht eile do na gníomhaíochtaí atá i gceist, mar shampla maoinitheoir beartaithe eile, deimhnigh le do thoil nach bhfuil an eagraíocht lena mbaineann ag lorg maoiniú ar leithligh do na gníomhaíochtaí céanna, chun dúbailt a sheachaint.
- Mínigh conas a chuirfear na gníomhaíochtaí oiliúna, foghlama agus forbartha atá beartaithe chun cinn agus conas a aithneofar nó a aithneofar An Coimisiún mar mhaoinitheoir, má éiríonn leis an iarratas.



6. Eolas Úsáideach d'Iarratasóirí

Forbairt na Meán

Clúdaíonn obair forbartha meán an Choimisiúin réimsí éagsúla. Tugtar breac-chuntas ar chuid de na réimsí seo thíos mar eolas agus d'fhéadfadh go mbeadh spéis ag iarratasóirí iontu i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí oiliúna, foghlama agus forbartha atá beartaithe.

Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht, agus Cuimsiú

- D'fhoilsigh an Coimisiún a chéad [Stráitéis um Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht](#) d'earnáil na meán fuaime agus closamhairc na hÉireann i mí Iúil 2024. Ba chóir d'iarratasóirí atá ag iarraidh tabhairt faoi ghníomhaíochtaí oiliúna, foghlama agus forbartha a ardaíonn feasacht ar inscne, agus/nó a thacaíonn le hinscne, comhionannas éagsúlacht agus cuimsiú sna meáin aird a bheith a thabhairt ar an Stráitéis seo.

Inbhuanaitheacht Chomhshaoil

- Tacaímid le tionscnaimh ghníomhaíochta aeráide agus nuálaíocht trínár gcuid oibre le [Sustainable Media Ireland](#), grúpa deonach a thugann earnáil na meán in Éirinn le chéile chun foghlaim, eolas agus taithí a roinnt, agus comhpháirtíochta a dhéanamh ar thionscnaimh agus feachtais inbhuanaitheachta.
- Beimid ag cur i bhfeidhm agus ag bainistiú rolladh amach uirlis Áireamhain Carbóin don tionscal agus oibreimid i dtreo pleananna gníomhaíochta carbóin agus deimhniúcháin do léiriúcháin.

An Ghaeilge

- Tá an Coimisiún ag tabhairt faoi raon oibre éagsúla de réir a thiomanta atá sé tacú le hearnáil na meán Gaeilge, lena n-áirítear a chuid oibre ar an gCoiste Comhairleach Gaeilge.

Craoladh Spóirt

- Tá An Coimisiún ag tabhairt faoi obair chun plean straitéiseach cuimsitheach agus foireann uirlisí a fhorbairt agus a fhoilsiú do Chraolachán Spóirt i gcomhar le Spóirt Éireann agus i gcomhar le Cónaidhm Spóirt na hÉireann.

Geilleagar Uile-Oileáin

- Beidh togra taighde á ullmhú ag an gCoimisiún ar gheilleagar na meán uile-oileáin a fhorbairt agus ar an gcomhoibriú a uasmhéadú idir Meáin Seirbhíse Poiblí agus Soláthraithe Ábhar Seirbhíse Poiblí ar bhonn uile-oileáin.

7. Conas Iarratas a Dhéanamh

Ní mór foirmeacha iarratais a chur isteach i bhfoirm PDF chuig secdev@cnam.ie faoi 12 meán lae, 5 Nollaig 2024. Ní ghlacfaidh Coimisiún na Meán le hiarratais dhéanacha ná neamhchríochnaithe. Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán. Ba cheart d'iarratasóirí cóip dhigiteach den iarratas a cuireadh isteach a choinneáil. Ní féidir iarratais a líonadh isteach san amharcóir PDF de bhrabhsálaí idirlín a uaslódáil.

8. An Próiseas Measúnaithe

De bhreis ar aidhm an Choimisiúin tírdhreach rathúil, éagsúil agus sábháilte ar líne agus ar na meáin a chinntiú mar aon lena *Bheartas Foghlama agus Forbartha Earnála*, déanfar iarratais incháilithe a mheasúnú ag féachaint don critéir thíos.

Critéir	Ualaithe %
- Cruthaitheacht, Nuálaíocht, Inbhuanaitheacht - Éagsúlacht & Ionchuimsiú - Ag obair i gcomhpháirtíocht - Pleanáil Straitéiseach - Measúnú Riachtanas - Tomhais agus Meastóireacht - Inniúlacht an Earnáil Chraolacháin a Fhorbairt	30%
Caighdeán an Iarratais	30%
Acmhainní	25%
Cuntas teiste agus cumas seachadta an iarratasóra	15%
Iomlán	100%

Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuiltear ag súil go gcomhlíonfaidh iarratasóirí na critéir go léir atá liostaithe. D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas, áfach, a bhaineann leis na critéir thuas a bheith ina gcuidiú agus d'iarratas á chumadh.

Cruthaitheacht, Nuálaíocht, Inbhuanaitheacht

- An bhfuil béim san iarratas ar chruthaitheacht agus nuálaíocht?
 - An bhfuil gnéithe san iarratas a bhfuil sé mar aidhm acu tacú le hinbhuanaitheacht na hearnála closamhairc?

Éagsúlacht & Ionchuimsiú

- An bhfuil béim san iarratas ar cheisteanna éagsúlachta agus ionchuimsithe?
- An bhfuil soláthar ann rochtain ar oiliúint a chur ar fáil do rannpháirtithe a bhfuil riachtanais rochtanacha acu?
 - An bhfuil aon oiliúint faoi leith ann do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht?
- An bhfuil oiliúint ann chun feasacht / tuiscint níos fearr a chruthú ar shaincheisteanna CÉI?
 - Conas a thagann an t-iarratas le Stráitéis Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe Choimisiún na Meán?

Ag obair i gcomhpháirtíocht

- An bhfuil gníomhaíochtaí tras-líonra agus/nó gníomhaíochtaí idir craoltóirí á spreagadh agus á gcur chun cinn san iarratas?
- An bhfuil aon chómhainitheoirí ann? Má mholtar comhpháirtíocht líonra - an bhfuil réasúnaíocht láidir ann lena haghaidh?
 - An rachaidh an chomhpháirtíocht chun leasa na Líonraí féin agus don earnáil i gcoitinne?
 - Má mholtar comhpháirtíocht airgeadais - an bhfuil méideanna na gcómhainitheoirí curtha san áireamh sa phlean oibre?

Pleanáil Straitéiseach

- An gcuirtear tacaíocht ar fáil do chraoltóirí agus do líonraí tionscail, agus an bhfuil comhréiteach ann lena gcuid riachtanais foghlama agus forbartha earnála ar fud na hearnála craolacháin san iarratas?

Measúnú Riachtanas

- An aithnítear bearnaí scileanna san earnáil craolacháin san iarratas agus an léirítear go sásúil conas a rinneadh na riachtanais seo a mheas agus conas a thabharfar aghaidh orthu?

Tomhais agus Meastóireacht

- An bhfuil fianaise ann go ndearnadh (nó go ndéanfar) tomhas/meastóireacht chun a chinntiú go bhfaighidh líonraí agus craoltóirí sochar ó aon tionscnamh foghlama, oiliúna agus forbartha a ghabhann siad de láimh?

Inniúlacht an Earnáil Chraolacháin a Fhorbairt

- An dtacaíonn an t-iarratas leis an earnáil a ról a fhorbairt agus a neartú laistigh de thimpeallacht níos leithne na meán?

9. Cinntí Maoinithe

Déanann An Coimisiún iarratais a mheasúnú agus táimid ag súil le hiarratasóirí a chur ar an eolas faoi chinntí maoinithe faoin gcéad ráithe de 2025.

Tabharfar aiseolas ar a n-iarratas d'iarratasóirí rathúla agus féadfar moltaí a thairiscint dóibh maidir lena dtogra. Táthar ag súil go nglacfaidh iarratasóirí moltaí san áireamh.

Tabharfar aiseolas ar a n-iarratas freisin d'iarratasóirí nár éirigh leo.

10. Riachtanais Le hAghaidh Iarratais Rathúla

Conradh: Tá gach tairiscint ar mhaoiniú urraíochta faoi réir ghlacadh oifigiúil an iarratasóra leis an tairiscint agus conradh maoinithe a dhéanamh le Coimisiún na Meán laistigh de na creataí ama atá sainithe ag an gCoimisiún agus tráth nach déanaí ná an dáta atá an t imeacht nó an ghníomhaíocht le bheith ar siúl.

Ar chur i gcrích conartha, cuirfear sciar tosaigh den mhaoiniú leithdháilte ar fáil. Chun an chuid eile den mhaoiniú a tharraingt anuas, ní mór d'iarratasóirí cloí go hiomlán le téarmaí an chonartha. Cuimsítear leis na ceanglais go gcuirfí na táirgí insoláthartha riachtanacha ar fad atá leagtha amach sa chonradh isteach ar chaighdeán sásúil.

Beidh ar iarratasóirí a n éiríonn leo ag a bhfuil conarthaí urraíochta reatha acu le Coimisiún na Meán, na conarthaí sin a dhúnadh, agus aon táirge insoláthartha gan íoc a chur isteach chun sástacht Choimisiún na Meán chun tús a chur le hidirbheartaíochtaí conartha le haghaidh aon imeacht / ghníomhaíocht atá ag teacht aníos agus ar bronnadh maoiniú air/uirthi.

Is féidir conradh maoinithe samplach le haghaidh na Scéime Urraíochta, mar aon leis na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis ó Choimisiún na Meán.

Ina theannta sin, tabhair an méid seo a leanas faoi deara:

Cuntasaíocht: Faoi chonradh urraíochta Choimisiún na Meán, tá dualgas ar iarratasóirí a n éiríonn leo úsáid a bhaint as caighdeán cuntasaíochta MTS 45 agus iad ag ullmhú na ráiteas costais deiridh don imeacht/ghníomhaíocht urraithe. Ní féidir an sciar deiridh den mhaoiniú urraíochta a eisiúint dá uireasa sin. Tá treoir maidir leis an gcaighdeán cuntasaíochta MTS 45 ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán.

Imréiteach Cánach Ní mór d'iarratasóirí a n éiríonn leo uimhreacha rochtana cánach agus uimhreacha tagartha cánach a chur isteach chuig Coimisiún na Meán chun comhlíonadh cánach a léiriú sula mbeifear in ann aon mhaoiniú urraíochta a eisiúint.

CBL: Ní mór do na hiarratasóirí a n éireoidh leo agus atá cláraithe le haghaidh CBL, sonraisc bhailí CBL a eisiúint chuig Coimisiún na Meán chun maoiniú urraíochta a fháil.

Tarraingt anuas an mhaoinithe: Go ginearálta, íocfar an maoiniú ina dhá sciar agus aontaítear céatadán an mhaoinithe i ngach sciar le linn idirbheartaíocht chonartha idir an t iarratasóir rathúil agus Coimisiún na Meán. De réir na treorach, is iondúil go mbíonn an chéad sciar den mhaoiniú idir 50% agus 60%.

Cuntas bainc: Ní féidir maoiniú urraíochta a eisiúint ach chuig cuntas bainc ar leith de chuid an imeachta/na gníomhaíochta urraithe. Caithfidh an t ainm ar an gcuntas bainc teacht le hainm an iarratasóra a n éireoidh leis/léi.

11. Saoráil Fáisnéise

Geallann Coimisiún na Meán go ndéanfaidh sé a dhícheall aon ábhar a chuirtear ar fáil in iarratais urraíochta a choinneáil faoi rún, faoi réir oibleagáidí Choimisiún na Meán faoin dlí, lena n áirítear an tAcht um Shaoráil Fáisnéise, 2014. Iarrtar ar iarratasóirí a mheas murar cheart aon chuid den fhaisnéis a cuireadh ar fáil ina n iarratais a nochtadh mar gheall ar ábhar na faisnéise, an fhaisnéis chéanna a shainaitheint agus cúiseanna lena híogaireacht a lua go sonrath. Rachaidh Coimisiún na Meán i gcomhairle le hiarratasóirí faoi fhaisnéis íogair sula ndéanfaidh sé cinneadh faoi aon iarratas a fhaightear faoin Acht um Shaoráil Fáisnéise. Má tá iarratasóirí den tuairim nach raibh aon fhaisnéis a chuir siad ar fáil íogair, ba cheart dóibh ráiteas a dhéanamh á chur sin in iúl. D'fhéadfadh faisnéis den chineál sin a eisiúint mar fhreagra ar iarraidh ar shaoráil faisnéise.

12. Cosaint Sonraí

Tá Coimisiún na Meán faoi réir gach dlí, rialachán agus treoir is infheidhme um chosaint sonraí ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE lena n áirítear, ach gan a bheith teoranta do, Rialachán (AE) 2016/679 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n aisghairtear Treoir 95/46/CE (an “Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí”) agus aon treoir agus cód cleachtais eisithe ó am go ham ag Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí nó ag aon údarás maoirseachta eile le haghaidh cosaint sonraí in Éirinn.

Beidh Coimisiún na Meán ina rialtóir sonraí (sa chás go dtugtar brí do Rialtóir Sonraí de réir na nDlíthe Cosanta Sonraí) maidir le haon Sonraí Pearsanta (sa chás go dtugtar brí do Shonraí Pearsanta de réir na nDlíthe Cosanta Sonraí) a chaithfidh iarratasóirí a chur ar fáil le haghaidh maoiniú urraíochta.

Ní mór don iarratasóir, mar rialtóir sonraí maidir leis na sonraí ar fad a chuireann sé ar fáil ina iarratas, a dheimhniú i scríbhinn go bhfuil cead tugtha ag na hábhair sonraí ar fad (sa chás go dtugtar brí d'ábhair sonraí de réir na ndlíthe cosanta sonraí) a bhfuil a sonraí pearsanta curtha ar fáil ag an iarratasóir, i leith phróiseáil sonraí pearsanta den sórt sin ag an iarratasóir, ag Coimisiún na Meán agus ag an bpainéal measúnaithe chun críocha rannpháirtíochta sa Scéim Urraíochta seo NÓ go bhfuil bunús dlíthiúil ag an iarratasóir chun sonraí pearsanta den sórt sin a chur ar fáil do Choimisiún na Meán chun críocha rannpháirtíochta sa Scéim Urraíochta seo.

--CRÍOCH--